Giniúint Cumhachta BSL Athbhreithniú

Athbhreithniú ar Ghiniúint Cumhachta

Forbhreathnú

Ag 31 Nollaig 2008 is le Giniúint Cumhachta BSL stáisiúin ghiniúna lena mbaineann 4,391MW san iomlán, agus is í Giniúint Cumhachta a oibríonn iad. Cuimsíonn sé seo cumas fhearais a díoladh go luath i 2009.

Athbhreithniú Oibriúcháin

Feidhmíocht Sábhailteachta

Cé go dtáinig laghdú ar Dhíobhálacha Caillteanais Ama (DCA-anna) bhaill foirne ó 8 i 2007 go 6 i 2008, mhéadaigh DCA-anna conraitheoirí ó 11 i 2007 go 14 i 2008. Tá Giniúint Cumhachta ag tabhairt faoi mhórthionscnamh bainistíochta conraitheoirí sa bhliain 2009, lena n-áireofar bainistiú sábháilteachta conraitheoirí agus tá sé ag dréim go gcúlófar an treocht suas i DCA-anna tríd an tionscnamh seo.

Le linn 2008 chríochnaíomar forfheidhmniú OHSAS 18001 (Sraith Measúnachta Shábháilteachta agus Sláinte Ceirde) ar fud gach láithreán oibre i nGiniúint Cumhachta agus is eochairthosaíocht é cothabháil an chreidiúnaithe sheachtraigh seo do 2009. Tugaimid tús áite do shábháilteacht agus do shláinte agus táimid tiomanta do láthair oibre saor ó ghortú a chruthú.

Cad is sciar Giniúna Cumhachta BSL den margadh?

30%

Ag deireadh na bliana 2008 bhí 30% den ghiniúint iomlán sa Mhargadh Leictreachais Aonair (MAL) uile-oileáin ag Giniúint Cumhachta BSL

Custaiméirí agus an Margadh Fuinnimh
Ba é 2008 an chéad bhliain iomlán do Ghiniúint Cumhachta ag trádáil sa Mhargadh Aonair Leictreachais (MAL). Sa mhargadh seo, cuireann Giniúint Cumhachta isteach tairiscintí go gach ceann dá aonaid oibríochta gach leathuair agus cinneann an tOibreoir Neamhspleách Margaidh cad iad na gineadóirí a reáchtálfaidh agus an luach ag a reáchtálfaidh siad.

Bhí sciar 30% den mhargadh giniúna MAL ag Giniúint Cumhachta i 2008, i gcomparáid le 32% don chéad dá mhí d'fheidhmiú an MAL i 2007, ag léiriú fás leanúnach san earnáil giniúna neamhspleách.

Rinne Giniúint Cumhachta próisis shuibscríbhinne a riar chun 3TWhs de Chonarthaí Difríochtaí (CfDanna) a dhíol le soláthraithe incháilithe arna threorú ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CRF). I bpróisis ar leithligh, cuireadh 5TWh de CfDanna Neamhthreoraithe breise ar ceant ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. Díoladh 5 TWh breise de chonarthaí tacaithe Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (OSP) freisin. Ba ionann iomlán na CfDanna a díoladh agus an mhórchuid de reáchtáil fearas iontuillteanais Ghiniúint Cumhachta san MAL, agus is é an toradh a bhí air ná méid suntasach cumhachta ar phraghas socraithe a thairiscint d'iomaitheoirí eile sa mhargadh.

Mar a tharla sa bhliain 2007, dhaingnigh Giniúint Cumhachta a breosla, arb ionann é agus tuairim is 50% dá bhonn costais oibríochtúil iomlán, ag innéacsanna margaidh nó faoina mbun. Rinneadh idirbhearta díorthaigh malairte bhreosla chomh maith, rud a thagann le bainistíocht stuama ar riosca praghais fuinnimh.

Caiteachas Caipitil
Ba é €263 milliún san iomlán a bhí i gclár caiteachais chaipitil Ghiniúint Cumhachta. Bhain sé seo go príomha le tógáil an fhearais 430MW CCGT ag Áth Fhada, Co Chorcaí, atá ag cloí leis an sceideal bheith críochnaithe go mall i 2009. Is fearas gásadhainte CCGT den scoth a bheidh san fhearas seo, ag úsáid an teicneolaíocht is cairdiúla don chomhshaol agus is éifeachtaí ar domhan,

Ar an gcaiteachas mór caipitil eile a bhí ann sa bhliain 2008 bhí Tionscadal Iarfheistithe Ghob na Muine (MERP) a chríochnófar i 2009. Soláthraíonn an infheistíocht seo laghdú suntasach in astaíochtaí NOx, SOX agus deannach ón bhfearas.

Chomh maith leis na mórthionscadail chaipitil seo, leanann Giniúint Cumhachta ar aghaidh lena clár cothabhála pleanáilte ag soláthar punann iomaíoch fearais a bhfuil de chumas aici freastal ar riachtanais an Mhargaidh Aonair Leictreachais.

Cé mhéad de laghdú a bhain Giniúint Cumhachta BSL amach ar a hastaíochtaí CO_2?

26%

Laghdaigh Giniúint Cumhachta BSL a hastaíochtaí CO_2 de 26% ó bhí 2005 ann

Feidhmíocht Fearais
B'ionann toradh infhaighteachta Ghiniúint Cumhachta agus 79%, méadú de 4% ar leibhéal 2007. Cé go bhfuil an leibhéal infhaighteachta punainne seo go fóill faoi leibhéal na gcleachtas idirnáisiúnta is fearr, d'fheidhmigh formhór stáisiúin Ghiniúint Cumhachta de réir na gcleachtas is fearr. Ba é an bhunchúis le hinfhaighteacht punainne níos ísle le linn 2008 ná clár suntasach cothabhála sceidealaithe, maille le ráta éartha seirbhíse éigeantach a bhí níos airde ná an targaid siocair teip fearais i roinnt láithreán. Cuireadh réiteach fadtéarmach ar na fadhbanna creimthe coire sna stáisiúin móna i gcrích le déantóir an choire le linn na bliana.

Feidhmíocht Comhshaoil
Tá Giniúint Cumhachta lántiomanta dá gníomhaíochtaí a reáchtáil ar an mbealach is íogaire is féidir ó thaobh an chomhshaoil de. Le linn 2008 d'éirigh le Giniúint Cumhachta a dualgais i leith an chomhshaoil a bhainistiú go réamhghníomhach.

Tá na próisis fhíoraithe le hastaíochtaí CO_2 2008 críochnaithe go rathúil. Ba iad 9.04 milliún tonna astaíochtaí CO_2 Ghiniúint Cumhachta, ísliú ó 9.78 milliún tonna i 2007.

Críochnaíodh iniúchtaí scoir comhshaoil sna láithreáin sin a bhí le dífheistiú de réir an Chomhaontais leis an CRF mar atá leagtha amach faoin Straitéis Sócmhainní thíos. Rinneadh Córais Bainistíochta Comhshaoil (CBCanna) in Ard na Croise, an tOileán Mór, An Lithe, Cumhacht Loch Rí, Cumhacht Uíbh Fháilí Thiar, An Port Thuaidh, Gob na Muine, An Poll Beag agus Tairbeart a athdheimhniú go rathúil le ISO 14001 le linn 2008. Críochnófar obair athdheimhnithe ag gach láithreán eile le linn 2009. Rinneadh iniúchtaí faireachais seachtracha i ngach láithreán mar pháirt den chreidiúnú ISO 14001 atá againn cheana.

Nuair a chríochnófar Tionscadal Iarfheistithe Ghob na Muine, feidhmeoidh an fearas de réir fheidhmíocht laghdaithe astaíochtaí an chleachtais is fearr, amhail an fearas CCGT nua in Áth Fhada agus na stáisiúin móna nuathógtha ina ngrúpaí piara faoi seach.

Leanfaidh Giniúint Cumhachta amach anseo ag glacadh na gcéimeanna riachtanacha chun ár gcomhshaol a chosaint. Bainfear é seo amach ach a chinntiú go bhfeidhmímid ár bhfearas ar an mbealach is éifeachtaí is féidir agus go leanaimid orainn ag measúnú teicnící agus teicneolaíochta nua chun feabhas a chur ar fheidhmíocht comhshaoil na bhfearas.

Inmharthanacht
Bunaíodh Foireann Inmharthanachta Ghiniúint Cumhachta le linn 2008 agus dhírigh sé ar sheachadadh ar na spriocanna laghdaithe carbóin atá sonraithe i gCreat Straitéiseach 2020. Is iad na trí príomhshruth gníomhaíochta ná astaíochtaí carbóin a laghdú trí:

1. an bealach ina n-oibrímid a athrú;
2. athruithe leis an bpróiseas giniúna; agus
3. theicneolaíochtaí agus breoslaí nua a úsáid i nginiúint cumhachta. Mar shampla, trí chomhla sheach-chonair amháin a ionadú in Áth Fhada le linn 2008 déanfar 3,000 tonna de charbóin a shábháil sa bhliain.

Is iad seo a leanas na príomhréimsí gníomhaíochta do 2009: éifeachtúlacht bhreise próiseas a spreagadh, dul chun cinn a dhéanamh ar thograí comhadhainte bithmhaise do na stáisiúin móna agus Gob na Muine, ag glacadh páirte i dTéamh Ceantair de réir mar a fhorbraíonn sé agus forbairt leanúnach ar thogra glan guail.

Ionchur i nGeilleagar na hÉireann
Mar atá luaite thuas, lean Giniúint Cumhachta ar aghaidh ag infheistiú go trom ina phunann le linn 2008. Cinntíonn móroibreacha caipitil ag tarlú in Áth Fhada agus i nGob na Muine, chomh maith le cothabháil leanúnach d'fhearais eile, go bhfuil Giniúint Cumhachta ag leanúint ar aghaidh ag cruthú fostaíocht shuntasach ar fud na tíre. Ina theannta sin, cinnteoidh críoch le comhaontas maidir leis na fadhbanna coire a réiteach sna stáisiúin móna go gcothaítear an leibhéal suntasach fostaíochta atá i bhfómhar móna agus tionscail bhainteacha sa Lár-Réigiún go ceann i bhfad. Léiríonn na gnóthachtálacha seo, i dteannta le soláthar fairsing ó chuideachtaí ar fud raon leathan d'earraí agus seirbhísí, tiomantas Ghiniúint Cumhachta do gheilleagar na hÉireann.

Straitéis Sócmhainní
An 27 Aibreán 2007, shocraigh BSL comhaontú leis an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh mar ar gheall BSL saoráidí agus suímh ghiniúna áirithe a dhúnadh nó a dhífheistiú agus mar ar gheall an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh tógáil a cheadú ag CCGT Átha Fhada. Sholáthraigh an Comhaontú seo do laghdú de 1,500MW in acmhainn fearais Ghiniúint Cumhachta agus a d'éascaigh iontráil bhreise neamhspleách sa mhargadh.

Le linn 2008, shocraigh Giniúint Cumhachta comhaontú le Endesa chun Tairbeart, an tOileán Mór, Ród, An Tamhnach Mór agus an dá shuíomh Béal Átha Liag agus Droichead na Sionainne, de réir Chomhaontú an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh. Tháinig críoch go rathúil leis an idirbheart ar an 8 Eanáir 2009.

Ag Breathnú Chun Cinn
Ag breathnú chun cinn go 2009 agus ina dhiaidh, tá na rudaí seo leanas ar eochardhúshláin Ghiniúint Cumhachta:

- Fócas leanúnach ar fheabhsuithe i sábháilteacht, dírithe ar ár sprioc a sheachadadh maidir le háit oibre shláintiúil agus saor ó ghortú a chruthú agus a chothabháil;
- Leanúint ar aghaidh ag cur feabhais ar ár bhfeidhmíocht comhshaoil trí sheachadadh rathúil mhórthionscadail Ghiniúint Cumhachta (MERP, CCGT Áth Fhada, clár feabhsúcháin agus cothabhála stáisiúin móna) chomh maith le tabhairt faoi thionscadail eile lenár gcomhshaol a chosaint;
- An laghdú comhaontaithe a chríochnú in acmhainn ár bhfearas giniúna de réir Chomhaontú an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh trí stáisiún teirmeach an Phoill Bhig agus stáisiún Mhuiríne a thiontú go timthriall oscailte;
- Feabhas a chur ar fheidhmíocht fearas trí oibríochtaí agus cothabháil an chleachtais is fearr laistigh dár stáisiúin, chun punann d'fhearais sholúbtha a sheachadadh atá in ann dul san iomaíocht go rathúil sa Mhargadh Aonair Leictreachais;
- Leanúint ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do struchtúr an MAL, lena n-áirítear ár straitéisí, próisis, córais agus inniúlachtaí trádála a dhaingniú agus a fheabhsú sa bhreis; agus
- Gnó láidir agus inmharthana a chothabháil trínár mbonn costais a laghdú, ag an am céanna ag cinntiú go seachadann Giniúint Cumhachta ar a dualgais shóisialta agus chomhshaoil.

Punann Ghiniúna Ghrúpa BSL san MAL uile-oileáin

Taispeánann an léarscáil seo an ghiniúint cumhachta go léir in Éirinn a bhí i bhfeidhm ag Giniúint Cumhachta BSL nó ESB International i 2008